



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Scéim Foilseacháin

Shaorála Faisnéise

Aonad Seirbhíse Corparáideach

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Nuashonraithe Meitheamh 2018

## Brollach

Is de réir Alt 8(2) Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 - treoir ar feidhmeanna, taifid, rialacha agus cleachtais Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach - am Scéim Foilseachain seo.

Dearbhaíonn an tAcht cearta daoine den phobal chun rochtain ar fhaisnéis oifigiúil a fháil chomh fada agus is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus and an ceart príobháideachta an duine aonair. Áiríonn sé freisin díolúine áirithe a théann i bhfeidh ar eolas atá i seilbh ag cuid comhlachtaí, Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach san áireamh. Leagtar amach an foráil bainteach i Sceideal 1 Cuid 1, agus foráiltear nach áirítear alt 6 (a sonraíonn na comhlachtaí a thagann faoin Acht) tagairt ar Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó oifigeach an Stiúrthóra, maidir le taifid sealbhaíodh nó cruthaíodh faoi Achtanna na gCuideachtaí (ach amháin maidir le taifead a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra). Ciallaíonn sé seo go dtagann taifid cás lasmuigh den Acht. Sa bhreis, tá sé mar oibleagáid dleathach ar an Stiúrthóir, a chuid oifigigh is comhairleoirí feidhmiú ar an mbonn go gcoimeádfaí faoi rún faisnéis rúnda a faightear agus iad i mbun gnó, de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus gur féidir eisceacht a bheith ann nuair is gá, i dtuairim an Stiúrthóra, scaoileadh eolais a dhéanamh le dualgaisí an Stiúrthóra nó dualgaisí comhlachtaí rialaitheacha eile a chur i gcrích. Is gá don oibleagáid dleathach rúndachta bheith ann le caomhnú a dhéanamh ar cumas an Stiúrthóra go leor fianaise a bhailiú chun sáruiithe dlí a mheas, áit a ceaptar go bhfuil a leithéid de sáruiithe ann; agus ar a chumas teacht chun cinneadh ar cé acu gníomh nó neamhghníomh a ba chóir a dhéanamh mar fhreagairt agus é ag comhlíonadh a chuid dualgaisí reachtúla.

Ciallaíonn an oibleagáid dleathach gur féidir le cuideachtaí agus oifigigh cuideachtaí bheith cinnte go mbeidh an Stiúrthóir, a chuid oifigigh is comhairleoirí freagrach i dtaobh faisnéis rúnda a faightear agus an Stiúrthóir ag cur a chuid dualgaisí i gcrích. Má meastar, i ndiaidh scrúdaithe, nár sáraíodh na dlíthe cuideachtaí nó reachtaíocht eile, ní scaoilfear aon eolas. Má meastar go sáraíodh an dlí, tig leis an Stiúrthóir (de réir a chuid dualgaisí reachtúla) ábhar a chur in iúl do na Cúirteanna nó údaráis eile le gníomhú cuí a dhéanamh.

Tá sé geallta ag an OSFC faisnéis rúnda a tugtar di a choimeád faoi rún, sa mhéid is a bhfuil ceadmhach de réir na hoibleagáidí reachtúla atá uirthi, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (ASF) ina measc. Más mian leat nach scaoilfear eolas íogaireach a thabharfaidh tú dúinn, is cóir duit bheith soiléir faoin mhian sin agus tú ag tabhairt an t-eolas; sonraigh na fáthanna go bhfuil an t-eolas íogaireach. Rachfaidh an OSFC i gcomhairle leat roimh theacht ar chinneadh ar iarratas ASF a éilíonn eolas íogaireach maidir le riarachán ginearálta na hOifige a mbeidh faighte againn uait.

Áfach, is féidir go scaoilfear taifid eile de réir an Acht, ar iarratas. Tá eolas maidir le **riarachán ginearálta** Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) laistigh den Acht agus is féidir go nochtófar é mar freagra ar iarratas faoi réir an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 nuair a meastar go bhfuil leas an phobail i scaoileadh na faisnéise níos luachmhar ná ceart chun príobháideachais.

Chun trédhearcacht a uasmhéadú agus íoslaghdú an iarracht do shaoránaigh ag teacht ar an t-eolas atá le fáil, tá polasaí ag an Oifig an oiread eolais agus is féidir a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie). Leagtar amach sna leathanaigh a leanas an t-eolas a féidir leis an Oifig, sa dlí, a chur ar fáil, agus conas an t-eolas a fháil.

# Eolas ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

## Cé muid féin agus cad a dhéanaimid

- **Bunú na heagraíochta**

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú i Mí na Shamhna 2001 (Uimh. 28 de 2001) agus leanann sí ar mharthain de réir Páirt 15 Caibidil 3 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

- **Rólanna, freagrachtaí agus feidhmeanna**

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an tUasal Ian Drennan, de chúram an sainordú ginearálta seo a leanas:

- comhlíonadh dlí na gcuideachtaí a spreagadh
- maoirseacht a dhéanamh ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha mar a mheasann an Stiúrthóir agus
- imscrúdú cuí agus gníomh forfheidhmithe a ghlacadh i gcás ina bhfuil sárúithe amhrasta d'Achtanna na gCuideachtaí.

Tacaíonn na hAonaid éagsúla laistigh den Oifig leis na haidhmeanna seo agus tá na feidhmeanna éagsúla le fáil ar láithreán gréasáin an OSFC faoin cluaisín Feidhmeanna. Go ginearálta ní ach taifid Aonaid Seirbhísí Corparáideacha a dtagann faoin Acht um SF mar baineann siad le riarachán ginearálta na hOifige. Tá taifid i sheilbh na hAonaid eile, oibríochtaí agus speisialaithe, nach tagann faoin Acht.

Áirítear sna taifid a thagann faoin Acht taifid a bhaineann le:

- soláthairtí agus conartha
- cóiríocht
- TFC
- BAD (oiliúint agus forbairt foirne san áireamh)
- iarratais SF
- ceisteanna Cosanta Sonraí
- idirchaidreamh leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

- **Socruithe Rialachais/Bainistíochta**

Coinnítear rialachas na hOifige de réir a reachtaíocht bunaíochta agus treoir bainteach a eisiúint an Roinn Airegeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, san áireamh:

- Report of the Working Group on the Accountability of Secretaries General and Accounting Officers (Tuirisc Mullarkey), An Roinn Airegeadais, 2002
- Public Financial Procedures, An Roinn Airegeadais, 2008
- The Role and Responsibilities of Accounting Officers, A Memorandum for Accounting Officers, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2011

agus aon ciorcláin ábhartha eile nó treoir arna n-eisiúint ag an Roinn Airegeadais nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile.

Mar is amhlaidh le gach comhlacht poiblí, tá an Oifig faoi cheangal ag an reachtaíocht, rialacháin agus Treoracha an AE. Tá buiséad na hOifige arna dheonú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a mhaoirsíonn nósanna imeachta na hOifige maidir le déileáil le caiteachas. Cinntíonn idirchaidreamh leis an Roinn agus iniúchtaí rialta, trí Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne nó an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste go bhfuil socruithe rialachais faoi deara.

- **Tuarascáil Bhliantúil**

Ní mór Tuarascáil Bhliantúil na hOifige a chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta roimh 30 Aibreán gach bliain agus tar éis í a leagan faoi bhráid an Oireachtais foilsítear í. Cuirtear ar fáil an Tuarascáil ar láithreán gréasáin OSFC roimh 30 Meitheamh gach bliain faoi Foilseacháin/Corparáideach & Reachtúla.

Leagann amach an Tuarascáil gnóthachtálacha na hOifige, na dúshláin a d'fhéadfadh sé a bheith os a comhair i mbliain ar leith, ionchuir agus aschuir a chuid oibre, na leibhéil foirne agus socruithe laistigh den Oifig, agus leagann sí amach freisin tuarascálacha éigeantacha áirithe amhail comhlíonadh le Acht um Íoc Preas Cuntas, dul chun cinn obair i dtreo sprioc an Stáit na n-astuithe carbóin a laghdú, oibriúcháin an Acht SF, an Acht Cosaint Sonraí agus an Acht um Nochtadh Cosanta.

- **Eagraíocht agus Structúr Pá/Grádú**

Is éard atá sa OSFC ná foireann ildisciplíneach. Áiríonn an foireann cuntasóirí, riarthóirí, dlíodóirí agus comhaltaí den Gharda Síochána. Tá gach ceann dá ngnáth-cumhachtaí fianaise a bhailiú agus ráitis a ghlacadh ag na Gardaí seo, atá ar iasacht don Oifig ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise.

Tá an OSFC eagraithe i sé Aonad oibriúcháin (dhá Aonad Forfheidhmithe, Aonad Measúnaithe, Aonad Tathanta, Aonad Dóchmhainneacht agus Aonad Seirbhíse Corparáideach), agus trí sainaonad (Aonad Aturnaetha Fhorfheidhmiú, Aonad Fóirínseach Digiteach, agus Aonad na nGarda). Cé go bhfuil freagrachtaí feidhmiúla ag gach Aonad, tá méid suntasach de chomhoibriú agus idirghníomhú idir na hAonaid.

Foilsítear eagarlann na hOifige sa Thuarascáil Bhliantúil. Ta scála pá fostaithe sa tseirbhís phoiblí le fail os ard i Ciorclán 8/2013 le fáil ar láithreán gréasán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ([www.per.gov.ie](http://www.per.gov.ie)). Tá líon coibhéiseach lánaimseartha foirne faoi gach scála pá le fáil i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige.

Íoctar na comhaltaí An Garda Síochána ar iasacht don Oifig ó Vóta na Roinne Dlí.

- **Suíomh agus sonraí teagmhála**

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis on Oifig trí:

POST	R-PHOST	FÓN
16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1, D01 W5C2	info@odce.ie ( <b>ceisteanna ginearála</b> ) odcefoi@odce.ie ( <b>iarratais SF</b> )	01 8585800 Íosghlao <sup>1</sup> 1890 315 015

- **Sonraí Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse / Meabhrán Tuisceana, más ann dó**

Gach bliain aontaítear Meabhrán Tuisceana, a leagann amach caighdán agus seirbhísí a bhfuiltear ag súil a chéile, idir an Stiúrthóir agus an Roinn. Leagtar amach sa Thuarascáil Bhliantúil gach blain na Meabhráin Tuisceana le comhlachtaí eile fhorfheidhmithe nó rialála.

- **Cairt Chustaiméirí**

Tar éis comhairliúcháin laistigh den Oifig agus ar fud an bPobal i gcoitinne, d'fhorbair OSFC Cairt Chustaiméirí athbhreithnithe, comh maith le nósanna imeachta aiseolas agus gearáin a ghlacadh maidir le Seirbhís Chustaiméirí.

Tá na doiciméid agus eolas ábharta le fail ar láithreán gréasáin OSFC faoi Feidhmeanna/Seirbhísí Chustaiméirí.

---

<sup>1</sup> Tabhair faoi deara, le do thoil, go féidir an táille don seirbhís 1890 (Íosghlao) a athrú idir soláthraí seirbhíse difriúil

# Seirbhísí a Sholáthraítear don Phobail

## Na seirbhísí a chuirimid ar fáil

Is é misean an OSFC ná feabhas a chur ar an timpeallacht ghéilliúntais do gníomhaíocht corparáideach i ngeilleagar na hÉireann trí spreagadh a dhéanamh le go gcloítear le foráileacha Acht na gCuideachtaí agus iad a dhéanamh cuntasach a thugann neamhaird don dlí. Tá a sainchúram teoranta don limistéar Dlí Cuideachtaí agus maidir leis sin ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh an OSFC ag gníomhú go príomha ar mhaithe leis an pobal murab ionann is bheith ag réitiú gearáin aonarach a laistigh de réimse na dlíthe cuideachtaí.

Tá an dualgas ar an Aonad Tathanta mandáid an Stiúrthóra maidir le comhlíonadh a chur chun cinn. I measc tascanna an Aonaid tá: ullmhúcháin agus foilsiú cáipéisí treoir agus eolais, dul i gcaidreamh le eagraíochtaí gairmiúil, forbairtí idirnáisiúnta a mheas, moltaí polasaí a fhorbairt agus freastal mar ionadaithe ag comhdháileanna agus seimineáir 7rl. Cuirfidh an tAonad ar fáil, nuair a cheadaíonn acmhainní, pearsanra eolais do ghrúpaí leasmhara a chur i láthair saor in aisce. Tá na foilseacháin forbartha mar threoir do pháirtithe leasmhara ar fáil saor in aisce ón Aonad nó ar shuíomh idirlín OSFC faoi Foilseacháin agus faoin rannóg Dlí Cuideachta & Tusa freisin. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad trí aon cheann de na módhanna leagtha amach thuas.

Glacann an tAonad Measúnaithe gearáin ó páirtithe leasmhara maidir le sárúithe Dlí na gCuideachtaí. Tabhair faoi deara le'd thoil gur sárúithe cóiriúla Dlí Cuideachta amháin a déileáileann an Oifig leo, seachas sárúithe cuideachtaí nó a n-oifigigh cóid eile de dlí. Tá Foirm Ghearáin le fáil ar iarratas nó ar láithrean gréasáin an OSFC faoi Feidhmeanna/Forfheidhmiú, lena n-úsáid i gcásanna den chineál sin. Déanfaidh an tAonad measúnú ar an gearán agus cinnfear an bhfuil sárú ann. Má bhfaightear go bhfuil sárú den cineál ann, agus faoi réir Prionsabail Forfheidhmithe na hOifige, cuirfidh an tAonad ar aghaidh an t-imscrúdú ar an ábhar. Féadfaidh sí a chinneadh feabhsúcháin a lorg ar an gceist nó i gcásanna níos tromchúisí ionchúiseamh a dhéanamh.

Déileálann an dá Aonad Forfheidhmithe le cás-obair agus le himscrúduithe. Más cuí, féadfaidh cás dul ar aghaidh chuig an gCúirt, agus ionchúisífead sa Chúirt Dúiche ag an Oifig nó de rogha air ar díotáil ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Déanann an tAonad Dócmhainneachta go príomha maoirsiú leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha i gcuid dualgas reachtúla faoi Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh. Áireofar leis

sin scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha a déanann leachtaitheoirí de réir Alt 682 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus faoiseamh a dheonú, nó a dhiúltú, óna ndualgas reachtúil cás a ghlacadh san Ard-Chúirt chun smachtbhannaí a lorg i gcoinne stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha sa chás gurbh féidir go raibh iompar mímhacánta nó meargánta mar chúis le forléasadh na cuideachta. D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh ná thairiscint don/do na stiúrthóir(i) rogha ar Gealltanús Shrianadh nó Gealltanús Dhícháiliú deonach.

Go príomha, cuireann na Aturnaetha Fhorfheidhmiú, Aonad Fóiréinseach Dhigiteach agus Aonad an Gharda seirbhís ar fáil don Oifig féin i gcuidiú leis a dualgas reachtúil a chomhlíonadh.

Tá ról um Sheirbhísí do Chustaiméirí ag an tAonad Seirbhísí Corparáideacha ach tá a cuid custaiméirí príomhúil inmheánacha san Oifig agus sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá an córas um Sheirbhísí do Chustaiméirí mar a oibrítear san Oifig leagtha amach sna cáipéisí Seirbhísí Custaiméara atá leagtha amach thuas, agus le fáil ar láithreán gréasáin OSFC faoi Feidhmeanna/Seirbhísí Chustaiméirí agus faoi Foilseacháin/Corparáideach & Reachtúla/Foilseacháin Corparáideach eile. Sa bhreis tá an tAonad seo freagracht ar comhlíonadh na hOifige le oibleagáidí reachtúil mar shampla an tAcht um Saoráil Faisnéise, Acht um Íoc Preas Cuntas, Acht na dTeanga Oifigiúil, 7rl.



# Próiseas Cinnteoireacht Mholtaí Polasaí Mór

## Próiseas cinnteoireacht mholtaí polasaí mór

Foilsíonn OSFC, más cuí, doiciméidí comhairliúcháin ar a láithreán gréasáin maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta sa raon Dlí Cuideachta. Tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach agus ar deireadh thiar tá an treoir foirmlithe foilsithe. Ta gach doiciméid comhairliúcháin le fáil ar an láithreán gréasáin faoi Foilseacháin/Doiciméidí Comhairliúcháin agus foilsítear an treoir deiridh faoi Foilseacháin /Treoir Dlí Cuideachta.

# Faisnéis Airgeadais

## Céard a caithimid

Faigheann an OSFC maoiniú chun a feidhmeanna a fheidhmiú ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Aithnítear an maoiniú seo a chlúdaíonn gach costais reatha don OSFC mar fomhírcheann i leith i Vóta na Roinne.

- **Ráitis Airgeadais**

Foilsítear sonraí leithroinnt agus caiteachas gach bliain i dTuarascáil Bhliantúil an OSFC, le fotheideal faoi na ceannteideal éagsúla. Níl leithroinnt Caiteachas Caipitiúil ag OSFC. Tá an Tuarascáil Bhliantúil le fáil ar láithreán gréasáin faoi Foilseacháin/Corparáideach & Reachtúla /Tuarascálacha Bhliantúil & Athbhreithnithe.

- **Íocaíochtaí nó Orduithe Ceannaigh earraí agus sheirbhísí**

Comh maith le foilsiú ráiteas airgeadais sa Thuarscáil Bhliantúil, comhlíonann an Oifig le riachtanas gach íocaíocht thar an mhéid €20,000 a fhoilsiú. Foilsítear na híocaíochtaí seo ar láithreán gréasáin faoi Faoin OSFC/ Airgeadas agus Soláthar/ Íochtaí thar €20,000. Tugtar chun dáta go ráithiúil lena sonraí sin. Déantar roinnt sholáthar don Oifig trí socrú Oifig um Sholáthar Rialtais.

Íocann an Oifig iomadúla íocaíochtaí níos lú gach bliain agus í á riaradh. Tugann an mír a leanas ar Soláthar níos mó sonraí ar caiteachas na hOifige.

# Soláthar

## Conas a caithimid airgead

Tabhóidh OSFC caiteachas ar bhealaí éagsúla. Sa chás go bhfuil conartha lárnach ann (m.s. soláthar Oifig um Sholáthar Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí, nó an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta), baineann an Oifig úsáid astu.

Seachas na conartha lárnach siúd, soláthraíonn an Oifig earraí agus seirbhísí ar a son féin.

- **Polasaí sholáthar**

Tá sé mar polasaí ag an Oifig an luach is fearr ar airgead a fháil i ngach soláthar. Téitear isteach i gconradh móra tar éis nósanna imeachta um sholáthar poiblí, agus foilsítear na hlarratais ar Thairiscintí siúd ar láithrean gréasáin e-Tenders ([www.etenders.gov.ie](http://www.etenders.gov.ie)). Foilsítear na conartha a bhronntar tar éis na cleachtaí soláthar poiblí ar láithrean gréasáin e-Tenders freisin.

Déantar caiteachas níos lú ar earraí nó seirbhísí de réir treoir ar Caiteachas Poiblí, trí luachain a fháil ar na hearraí nó seirbhísí i gceist.

I ngach cás ina bhfaigheann an Oifig earraí nó seirbhísí, tá an rogha is buntáistí go heacnamaíoch roghnaithe. Ciallaíonn seo, agus costas ina fachtóir tábhachtach, go mbeidh critéir eile níos mó go mór ualaithe i roinnt cásanna eile de réir riachtanais na hOifige. Ar an mbealach seo, tá fíorluach ar airgead cinnte.

- **Comórtais tairisceana ar an ngréasán eTenders**

Foilsítear sonraí comórtas tairisceana reatha agus conartha ar láithrean gréasáin e-Tenders agus ar ar láithrean gréasáin OSFC freisin faoi Faoin OFSC/Airgeadas agus Soláthar.

- **Conartha poiblí a bronnadh, cineál conartha, conraitheoir, luach, dáta a bronnadh, ré agus cur síos gearr san áireamh (formáid tháblach), más thar €10,000 do TFC agus thar €25,000 do conartha eile.**

Sa chás nach cuirfear i gcontúirt obair na hOifige maidir le himscrúduithe, ioncúisimh, 7rl., foilsítear sonraí conartha poiblí ar láithreán gréasáin OSFC faoi Faoin OFSC/Airgeadas agus Soláthar. Foilsítear na sonraí go ráithiúil.

# Loga Nochtadh SF agus Faisnéis Eile le Foilsiú go Rialta

## Eolas eile

- **Loga Nochtadh SF**

Foilseofar sonraí nochtadh faoi SF (seachas sonraí pearsanta) ar láithrean gréasáin an OSFC faoi Feidhmeanna/Seirbhís den Scoth don Chustaiméir/Saoráil Faisnéise. Liostófar an faisnéis faoi teideal “Loga Nochtadh SF”. Sa chás nach scaoilófar taifid, nótáilófar an iarratas ach ní foilseofar aon taifead.

- **Tuarascálacha**

Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil na hOifige ar láithreán gréasáin OSFC, faoi Foilseacháin/Corparáideach & Reachtúla/Tuarascálacha Bhliantúil & Athbhreithnithe. Is féidir tuilleadh eolais a fháil freisin faoin teideal Foilseachain agus faoin teideal Dlí Cuideachta & Tusa freisin.

Tá sa Thuarascáil Bhliantúil OSFC eolas ar obair na hOifige, toradh cásobair agus cinntí Cúirte maidir le obair na hOifige san áireamh. Cuimsíonn sé freisin sonraí stiúrthóir srianta nó dícháilithe mar thoradh cásanna OSFC, comh maith le cinntí Cúirte gan stiúrthóirí a srianadh nó a dhícháiliú. Leagtar amach leibhéal foirne agus torthaí airgeadais gach bliain. Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil freisin faisnéis áirithe a bhfuil oibleagáid ar an Oifig a fhoilsiú, mar shampla ár bhfeidhmíocht faoin Acht um Íocaíocht Preas Cuntas, Acht um Shaoráil Faisnéise, Acht Cosaint Sonraí, Acht um Nochtadh Cosanta agus Acht na dTeanga Oifigiúil. Foilsítear sa Thuarascáil freisin faisnéis ar tomhaltas fuinnimh.

Foilsíonn an Oifig, ar bun ráithiúil, gach íocaíocht thar €20,000. Tá an faisnéis seo le fáil ar láithreán gréasán an OSFC faoi Faoin OFSC/Airgeadas agus Soláthar.

- **Faisnéis iarrtha go minic**

Tá an faisnéis iarrtha is minice ón OSFC ná taifid bainteach le cásanna, nach bhfuil faoin Acht. Ba chóir go mbeidh iarrathóirí sásta faoi bailíocht a hiarratais roimh iarratas foirmiúil a dhéanamh de bhun an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014.

# Conas a Dhéantar Iarratas SF

Roimh iarratas a dhéanamh, cuimhin leat nach iad ach taifid maidir le riaracháin ginearálta na hOifige amháin atá faoi réir an Acht. Chun iarratas faisnéise a dhéanamh faoi réir an Acht um Shaoráil Faisnéise, is gá an iarratas a bheith i scríbhinn nó trí r-phost, chuig na seoltaí tugtha ar leathanach 6 agus:

- (a) caithfidh an iarratas tagairt a dhéanamh don Acht um Shaoráil Faisnéise,
- (b) caithfidh bheith ann a dhóthain sonraí a mbaineann leis an faisnéise bainteach chun an taifead a aithint trí bearta réasúnacha a ghlacadh, agus
- (c) má éilítear faisnéis i bhfoirm nó slí áirithe, caithfear go mbeadh sé soiléir san iarratas.

Cé nach bhfuil riachtanas ann, éascóidh aon soiléiriú agus d'iarratas a chomhlíonadh má soláthraíonn tú uimhir fóin ar féidir linn teagmháil a dhéanamh leat i rith uaireanta oifige. Beidh gach cúnamh réasúnach tugtha duit ag cuidiú leat le d'iarratas.

Laistigh de dhá seachtain beidh d'iarratas admhaithe - mura bhfuil na taifid iarraithe i seilbh na hOifige cuirfear an t-eolas chugat cé é/iad an/na comhlacht/aí bainteach agus traschuirfear d'iarratas chuig an/na comhlacht/aí bainteach. Laistigh de ceithre seachtain beidh cinneadh déanta ar d'iarratas agus cuirfear tú ar eolas faoin cinneadh. Má tá síneadh ama ag teastáil cuirfear ar an t-eolas thú. Mura bhfuil cinneadh déanta, agus mura tabharfar fógra síneadh ama duit, measfar go bhfuil d'iarratas diúltaithe agus is féidir leat athbhreithniú a lorg ar an diúltú sin.

Níl costas ar iarratas, ach d'fhéadfá a ghearradh as an cuardach agus aisghabháil agus cóipeáil an taifead lena mbaineann, sa chás ina bhfuil chuardaigh agus aisghabhála sin, agus sceideal de na taifid a dhéanamh, am-íditheach. Ní mbaineann aon táille má tá sonraí pearsanta fuait sa thaifead.

- Tá íostairseach de €101 faoi bhun nár féidir aon táillí chuardaigh, aisghabháil agus cóipeáil a mhuirearú. Chomh luath agus a shroicheann an táille €101, muirearfar táillí iomlána;
- Tá teorainn €500 maidir le méid na dtáillí cuardaigh, aisghabháil agus cóipeáil is féidir a ghearradh;
- Tá uasteorainn eile ar táillí mheasta cuardaigh, aisghabhála agus a cóipeáil €700, thuas ar féidir comhlacht SF diúltú iarratas a phróiseáil, ach amháin má tá an t-iarratasóir sásta an iarratas a bheachtú chun na táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeáil a thabhairt faoi bhun an teorainn;
- Is é an táille ar athbhreithniú inmheánach ná €30 (€10 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe); agus
- Is é an táille ar achomharc chun an Choimisinéara Faisnéise ná €50 (€15 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe).